Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Márta 2022
(OR. en)

7179/22
ADD 1

LIMITE

AG 27
INST 74
PE 20
FIN 331
DATAPROTECT 69
DISINFO 20
FREMP 60
CODEC 287

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0375(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6686/22 + COR 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14386/21 + Addendum 1 à 4 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (athmhúnlú)<br>- Cur chuige ginearálta páirteach<br>= Ráitis |

## Ráiteas ón Ungáir

Aontaíonn an Ungáir leis an gcomhréiteach ó Uachtaránacht na Fraince le haghaidh shainordú na Comhairle i ndáil leis an togra athmhúnlaithe ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir leis na páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Go deimhin, is cúis áthais dúinn comhréireacht na mBallstát i ndáil leis an bpolaitíocht Eorpach a chosaint ó thionchar seachtrach agus le hinniúlacht na mBallstát maidir le reifrinn náisiúnta a urramú. Trí na hiarrachtaí a rinneadh ar leibhéal na meithle, bhí an Chomhairle in ann feabhsuithe a chur ar téacs agus thug sí aghaidh ar na saincheisteanna a d'eascair as an togra ón gCoimisiún i dtéarmaí coimhdeachta agus roinnt na n-inniúlachtaí. Tá an Ungáir den tuairim, áfach, go ndéanfaí obair na Comhairle maidir lena seasamh a cheapadh a éascú go mór dá dtabharfaí níos mó airde sna tograí ón gCoimisiún do chomhlíonadh na bprionsabal atá bunaithe ar na Conarthaí ag na forálacha atá beartaithe.

D'ainneoin an chur chuige atá dearfach i gcoitinne maidir leis an téacs, measann an Ungáir, trí fhorálacha a bheith ann do na páirtithe náisiúnta, nach bhfuil sainordú beartaithe na Comhairle i gcomhréir le roinnt na n-inniúlachtaí, agus ar an gcúis sin déanann sé idirghabháil i réimse a thagann faoi inniúlacht eisiach na mBallstát. Tá seasamh láidir againn go fóill gur ceart neamh-chomhroinnte de chuid na mBallstát é páirtithe náisiúnta a rialáil; dá bhrí sin, tugaimid an tosaíocht sin san áireamh sa léirmhíniú ar shainordú na Comhairle.

--------

## Ráiteas ón bPolainn

Tuigeann an Pholainn an fhoirmle 'cothromaíocht inscne' mar thagairt d'ionadaíocht chomhionann na mban agus na bhfear, i gcomhréir le hAirteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus le hAirteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.